Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

12514/25

LIMITE

CORLX 862
CFSP/PESC 1283
RELEX 1118
MOG 97

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine |

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 ón gComhairle an 23 Márta 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 961/2010[1], agus go háirithe Airteagal 46(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

1 IO L 88, 24.3.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/267/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 23 Márta 2012, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh 267/2012.

(2) An 14 Iúil 2015, tháinig Cónaidhm na Rúise, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ríocht Aontaithe, an tSín agus na Stáit Aontaithe, le tacaíocht ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (‘an tArdionadaí’), ar chomhaontú leis an Iaráin maidir le réiteach cuimsitheach fadtéarmach ar shaincheist núicléach na hIaráine. Le cur chun feidhme iomlán an Phlean Chuimsithigh Chomhpháirtigh Gníomhaíochta (‘PCCG’), d’áiritheofaí cineál iomlán síochánta chlár núicléach na hIaráine, agus dhéanfaí foráil maidir le deireadh cuimsitheach a chur leis na smachtbhannaí uile a bhaineann le cúrsaí núicléacha.

(3) An 28 Lúnasa 2025, fuair an tArdionadaí, mar Chomhordaitheoir Choimisiún Comhpháirteach PCCG (‘an Comhordaitheoir’), litir ó Airí Gnóthaí Eachtracha na Fraince, na Gearmáine agus na Ríochta Aontaithe maidir le cur chun feidhme PCCG. Tríd an litir seo, chuir na hAirí Gnóthaí Eachtracha in iúl do Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe gur chreid siad, ar bhonn fianaise fhíorasach, nach raibh PCCG á chomhlíonadh ag an Iaráin ar bhealach suntasach maidir lena gealltanas faoin bplean, rud a chuir tús leis an nós imeachta chun smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe ar cuireadh deireadh leo faoi Rún 2231 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a athbhunú, i gcomhréir le mír 11 de Rún 2231 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

PUBLIC

(4) An [… 2025], níor ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe rún nua chun leanúint le deireadh a chur leis na smachtbhannaí laistigh de 30 lá ón bhfógra a chur chuig an gComhordaitheoir an 28 Lúnasa 2025. Dá bhrí sin, i gcomhréir leis na forálacha de mhír 37 PCCG, tá forálacha Rúin 1696 (2006), 1737 (2006), 1747 (2007), 1803 (2008), 1835 (2008) agus 1929 (2010) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe le forchur an athuair.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

PUBLIC

# IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 mar a leanas:

(1) faoin gceannteideal 'A. Daoine agus eintitis a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí diúracán núicléach nó le gníomhaíochtaí diúracán balaistíoch', cuirtear na hiontrálacha seo a leanas faoin bhfo-cheannteideal 'Daoine nádúrtha':

'(1) Fereidoun Abbasi-Davani. Feidhm: Eolaí sinsearach sa Ministry of Defence and Armed Forces Logistics (MODAFL) (an Aireacht Cosanta um Lóistíocht na bhFórsaí Armtha). Dáta breithe: (a) 1958 (b) 1959. Áit bhreithe: Abadan, an Iaráin (Poblacht Ioslamach na hIaráine). Eolas eile: Tá "naisc aige leis an Institute of Applied Physics (Institiúid na Fisice Feidhmí). Oibríonn sé go dlúth le Mohsen Fakhrizadeh-Mahabadi."
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 24.3.2007.

(2) Dawood Agha-Jani. Feidhm: Ceann an stáisiúin saibhrithe breosla phíolótaigh in Natanz. Eolas eile: Duine a bhfuil baint aige le Clár Núicléach na hIaráine.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 23.12.2006.

(3) Ali Akbar Ahmadian. Teideal: Leas-Aimiréal. Feidhm: Ceann Fhoireann Chomhpháirteach Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí. Dáta breithe: 1961. Áit bhreithe: Kerman, an Iaráin (Poblacht Ioslamach na hIaráine). Ar a dtugtar freisin: Ali Akbar Ahmedian. Eolas eile: athraíodh an post.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 24.3.2007.

(4) Amir Moayyed Alai. Eolas eile: bainteach le cóimeáil agus innealtóireacht lártheifneoirí a bhainistiú.
Dáta ainmniúcháin an Aontais: 24.4.2007 (na Náisiún Aontaithe: 3.3.2008).

(5) Behman Asgarpour. Feidhm: Bainisteoir Oibríochtúil (Arak). Eolas eile: Duine a bhfuil baint aige le Clár Núicléach na hIaráine.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 23.12.2006.

(6) Mohammad Fedai Ashiani. Eolas eile: bainteach le carbónáit amóiniam úrainile a tháirgeadh agus coimpléasc saibhrithe Natanz a bhainistiú.
Dáta ainmniúcháin an Aontais: 24.4.2007 (na Náisiún Aontaithe: 3.3.2008).

(7) Abbas Rezaee Ashtiani. Eolas eile: oifigeach sinsearach in Oifig Taiscéalaíochta agus Gnóthaí Mianadóireachta AEOI (Eagraíocht Fuinnimh Adamhaigh na hIaráine).
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 3.3.2008.

(8) Bahmanyar Morteza Bahmanyar. Feidhm: Ceann Rannóg Airgeadais agus Buiséid an Aerospace Industries Organisation (AIO). Dáta breithe: an 31.12.1952. Náisiúntacht: an Iaráin. Uimhir an phas: (a) I0005159, arna eisiúint san Iaráin (b) 10005159, arna eisiúint san Iaráin.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 23.12.2006.

(9) Haleh Bakhtiar. Eolas eile: bainteach le maignéisiam dar tiúchan 99.9 % a tháirgeadh.
Dáta ainmniúcháin an Aontais: 24.4.2007 (na Náisiún Aontaithe: 3.3.2008).

(10) Morteza Behzad. Eolas eile: bainteach le comhpháirteanna lártheifneoirí a tháirgeadh.
Dáta ainmniúcháin an Aontais: 24.4.2007 (na Náisiún Aontaithe: 3.3.2008).

PUBLIC

(11) Ahmad Vahid Dastjerdi. Feidhm: Ceann an Aerospace Industries Organisation (AIO). Dáta breithe: 15.1.1954. Uimhir an phas: A0002987, arna eisiúint san Iaráin. Eolas eile: Bhí sé ina Leas-Aire Cosanta.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 23.12.2006.

(12) Ahmad Derakhshandeh. Feidhm: Cathaoirleach agus Stiúrthóir Bainistíochta Bank Sepah, a thugann tacaíocht do AIO agus d’eintitis atá faoina riail, lena n-áirítear SHIG agus SBIG, ar ainmníodh iad araon faoi Rún 1737 (2006). Dáta breithe: 11.8.1956. Seoladh: 33 Hormozan Building, Pirozan St., Sharaj Ghods, Tehran, an Iaráin (Poblacht Ioslamach na hIaráine).
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 24.3.2007.

(13) Mohammad Eslami. Teideal: Dr. Eolas eile: Ceann an Defence Industries Training and Research Institute (Institiúid Oiliúna agus Taighde na dTionscal Cosanta). Ar a dtugtar freisin: Mohammad Islami; Mohamed Islami; Mohammed Islami. Eolas eile: Bhí sé ina Leas-Aire Cosanta ó 2012 go 2013.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 3.3.2008.

(14) Reza-Gholi Esmaeli. Feidhm: Ceann na Rannóige Trádála agus Gnóthaí Idirnáisiúnta, Aerospace Industries Organisation (AIO). Dáta breithe: 3.41961. Ar a dtugtar freisin: Reza-Gholi Ismaili. Uimhir an phas: A0002302, arna eisiúint san Iaráin (Poblacht Ioslamach na hIaráine).
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 23.12.2006.

PUBLIC

(15) Mohsen Fakhrizadeh-Mahabadi. Feidhm: Eolaí sinsearach de chuid MODAFL agus iarcheann an Physics Research Centre (PHRC) (an Lárionad Taighde Fisice). Uimhir an phas: (a) A0009228 (Gan dearbhú (an Iaráin, is dócha)) (b) 4229533 (Gan dearbhú (an Iaráin, is dócha)). Eolas eile: D'iarr an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach cead agallamh a chur air maidir le gníomhaíochtaí PHRC le linn dó a bheith ina cheann air ach dhiúltaigh an Iaráin don iarraidh sin.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 24.3.2007.

(16) Mohammad Hejazi. Teideal: Briogáidire-Ghinearál. Feidhm: Ceannasaí Fhórsa Frithbheartaíochta Basij. Dáta breithe: 1959. Áit bhreithe: Isfahan, an Iaráin (Poblacht Ioslamach na hIaráine). Ar a dtugtar freisin: Mohammed Hijazi.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 24.3.2007.

(17) Mohsen Hojati. Feidhm: Ceann Fajr Industrial Group, a ainmníodh faoi Rún 1737(2006) as a ról sa chlár diúracán balaistíoch. Dáta breithe: 28.9.1955. Uimhir an phas: G4506013, arna eisiúint san Iaráin (Poblacht Ioslamach na hIaráine).
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 24.3.2007.

(18) Seyyed Hussein Hosseini. Eolas eile: Oifigeach de chuid AEOI atá bainteach leis an tionscadal um imoibreoir taighde tromuisce ag Arak.
Dáta ainmniúcháin an Aontais: 24.4.2007 (na Náisiún Aontaithe: 3.3.2008).

(19) M. Javad Karimi Sabet. Eolas eile: Ceann Novin Energy Company, a ainmníodh faoi Rún 1747 (2007).
Dáta ainmniúcháin an Aontais: 24.4.2007 (na Náisiún Aontaithe: 3.3.2008).

PUBLIC

(20) Mehrdada Akhlaghi Ketabachi. Feidhm: Ceann Shahid Bagheri Industrial Group (SBIG), a ainmníodh faoi Rún 1737(2006) as a ról sa chlár diúracán balaistíoch. Dáta breithe: 10.9.1958. Uimhir an phas: A0030940, arna eisiúint san Iaráin (Poblacht Ioslamach na hIaráine).
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 24.3.2007.

(21) Ali Hajinia Leilabadi. Feidhm: Ard-Stiúrthóir Mesbah Energy Company (. Eolas eile: Duine a bhfuil baint aige le Clár Núicléach na hIaráine.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 23.12.2006.

(22) Naser Maleki. Feidhm: Ceann Shahid Hemmat Industrial Group (SHIG), a ainmníodh faoi Rún 1737(2006) as a ról i gclár diúracán balaistíoch na hIaráine. Dáta breithe: 1960. Uimhir an phas: A0003039 arna eisiúint san Iaráin (Poblacht Ioslamach na hIaráine). Uimhir aitheantais náisiúnta: an Iaráin (Poblacht Ioslamach na hIaráine) 0035-11785, arna eisiúint san Iaráin (Poblacht Ioslamach na hIaráine). Eolas eile: Is oifigeach de chuid MODAFL é Naser Maleki freisin a dhéanann maoirseacht ar chlár diúracán balaistíoch Shahab-3. Is é an Shahab-3 an diúracán balaistíoch fadraoin atá i bhfeidhm ag an Iaráin faoi láthair.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 24.3.2007.

(23) Hamid-Reza Mohajerani. Eolas eile: bainteach le bainistiú táirgeachta sa tsaoráid tiontaithe úráiniam in Esfahan.
Dáta ainmniúcháin an Aontais: 24.4.2007 (na Náisiún Aontaithe: 3.3.2008).

PUBLIC

(24) Jafar Mohammadi. Feidhm: Comhairleoir Teicniúil de Atomic Energy Organisation of Iran (AEOI) (atá i gceannas ar chomhlaí a tháirgeadh do lártheifneoirí). Eolas eile: Duine a bhfuil baint aige le Clár Núicléach na hIaráine.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 23.12.2006.

(25) Ehsan Monajemi. Feidhm: Bainisteoir Tionscadail Foirgníochta, Natanz. Eolas eile: Duine a bhfuil baint aige le Clár Núicléach na hIaráine.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 23.12.2006.

(26) Mohammad Reza Naqdi. Teideal: Briogáidire-Ghinearál. Dáta breithe: (a) 11.2.1949 (b) 11.2.1952 (c) 11.2.1953 (d) 11.2.1961. Áit bhreithe: (a) Najaf, an Iaráic (b) Tehran, an Iaráin (Poblacht Ioslamach na hIaráine). Eolas eile: iarLeas-Cheann Fhoireann Ghinearálta na bhFórsaí Armtha um Lóistíocht agus Taighde Tionsclaíoch. Ceann Cheanncheathrú an Stáit um Chomhrac na Smuigleála, atá rannpháirteach in iarrachtaí dul timpeall ar na smachtbhannaí arna bhforchur le Rúin 1737 (2006) agus 1747 (2007) ó CSNA.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 3.3.2008.

(27) Houshang Nobari. Eolas eile: bainteach le bainistiú an láithreáin saibhrithe in Natanz.
Dáta ainmniúcháin an Aontais: 24.4.2007 (na Náisiún Aontaithe: 3.3.2008).

(28) Mohammad Mehdi Nejad Nouri. Teideal: Leifteanant-Ghinearál. Feidhm: Reachtaire ar Malek Ashtar University of Defence Technology. Eolas eile: An Roinn Ceimice in Ashtar University of Defence Technology, cleamhnaithe le MODALF agus turgnaimh déanta ar beirilliam. Leas-Aire Eolaíochta, Taighde agus Teicneolaíochta.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 23.12.2006.

PUBLIC

(29) Mohammad Qannadi. Feidhm: Leas-Uachtarán AEOI le haghaidh Taighde agus Forbairt. Eolas eile: Duine a bhfuil baint aige le clár núicléach na hIaráine.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 23.12.2006.

PUBLIC

(30) Amir Rahimi. Feidhm: Ceann ar Esfahan Nuclear Fuel Research and Production Center. Eolas eile: Is cuid de Nuclear Fuel Production and Procurement Company de chuid AEOI, a bhfuil baint aici le gníomhaíochtaí a bhaineann le saibhriú, é Ionad Taighde agus Táirgeadh Breosla Núicléach Esfahan.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 24.3.2007.

(31) Javad Rahiqi: Feidhm: Ceann ar Esfahan Nuclear Technology Center de chuid Atomic Energy Organization of Iran (AEOI)(eolas breise: Dáta breithe: 24.4.1954; Áit bhreithe: Marshad).
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 9.6.2010 (an Aontais: 24.4.2007).

(32) Abbas Rashidi. Eolas eile: bainteach le hobair shaibhrithe in Natanz.
Dáta ainmniúcháin an Aontais: 24.4.2007 (na Náisiún Aontaithe: 3.3.2008).

(33) Morteza Rezaie. Teideal: Briogáidire-Ghinearál. Feidhm: Leas-Cheannasaí IRGC. Dáta breithe: 1956. Ar a dtugtar freisin: Mortaza Rezaie; Mortaza Rezai; Morteza Rezai.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 24.3.2007.

(34) Morteza Safari. Teideal: Seachaimiréal. Feidhm: Ceannasaí Chabhlach IRGC. Ar a dtugtar freisin: Mortaza Safari; Morteza Saferi; Murtaza Saferi; Murtaza Safari.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 24.3.2007.

(35) Yahya Rahim Safavi. Teideal: Maor-Ghinearál. Feidhm: Ceannasaí, IRGC (Pasdaran). Dáta breithe: 1952. Áit bhreithe: Isfahan, an Iaráin (Poblacht Ioslamach na hIaráine). Ar a dtugtar freisin: Yahya Raheem Safavi.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 23.12.2006.

(36) Seyed Jaber Safdari. Eolas eile: Bainisteoir Natanz Enrichment Facilities (Láithreán Saibhrithe Natanz).
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 24.3.2007.

(37) Hosein Salimi. Teideal: Ginearál. Feidhm: Ceannasaí an Aerfhórsa, IRGC (Pasdaran). Eolas eile: Duine a bhfuil baint aige le Clár Diúracán Balaistíoch na hIaráine.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 23.12.2006

(38) Qasem Soleimani. Teideal: Briogáidire-Ghinearál. Feidhm: Ceannasaí Fhórsa Qods. Dáta breithe: 11.3.1957. Áit bhreithe: Qom, an Iaráin (Poblacht Ioslamach na hIaráine). Ar a dtugtar freisin: Qasim Soleimani; Qasem Sulaimani; Qasim Sulaimani; Qasim Sulaymani; Qasem Sulaymani; Kasim Soleimani; Kasim Sulaimani; Kasim Sulaymani; Haj Qasem; Haji Qassem; Sarder Soleimani. Uimhir an phas: 008827, eisithe san Iaráin. Eolas eile: Ardú céime go dtí an Maor-Ghinearál, a ról mar Cheannasaí Fhórsa Qods coinnithe aige.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 24.3.2007.

(39) Ghasem Soleymani. Eolas eile: Stiúrthóir ar Oibríochtaí Mianadóireachta Úráiniam ag Mianach Úráiniam Saghand.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 3.3.2008.

(40) Mohammad Reza Zahedi. Teideal: Briogáidire-Ghinearál. Feidhm: Ceannasaí Fhórsaí Talún IRGC. Dáta breithe: 1944. Áit bhreithe: Isfahan, an Iaráin (Poblacht Ioslamach na hIaráine). Ar a dtugtar freisin: Mohammad Reza Zahidi; Mohammad Raza Zahedi.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 24.3.2007.

PUBLIC

(41) Mohammad Baqer Zolqadr. Feidhm: Ginearál, oifigeach IRGC, Leas-Aire Gnóthaí Baile a bhfuil freagrach as Gnóthaí Eachtracha. Ar a dtugtar freisin: Mohammad Bakr Zolqadr; Mohammad Bakr Zolkadr; Mohammad Baqer Zolqadir; Mohammad Baqer Zolqader.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 24.3.2007.

(42) Azim Aghajani. Feidhm: Comhalta de IRGC-Fórsa Qods atá ag oibriú faoi stiúir Cheannasaí Fhórsa Qods, Maor-Ghinearál Qasem Soleimani, a d'ainmnigh Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe i Rún 1747 (2007). Ar a dtugtar freisin: Azim Adhajani; Azim Agha-Jani. Náisiúntacht: an Iaráin (Poblacht Ioslamach na hIaráine). Uimhir an phas: (a) 6620505 a eisíodh san Iaráin (Poblacht Ioslamach na hIaráine) (b) 9003213 a eisíodh san Iaráin (Poblacht Ioslamach na hIaráine). Eolas eile: d'éascaigh sé an sárú a rinneadh ar mhír 5 de Rún 1747 (2007) lena gcuirtear toirmisc ar onnmhairiú arm agus ábhar gaolmhar ón Iaráin.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 18.4. 2012

(43) Ali Akbar Tabatabaei. Feidhm: Comhalta de IRGC-Fórsa Qods atá ag oibriú faoi stiúir Cheannasaí Fhórsa Qods, Maor-Ghinearál Qasem Soleimani, a d'ainmnigh Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe i Rún 1747 (2007). Dáta breithe: 1967. Ar a dtugtar freisin: (a) Sayed Akbar Tahmaesebi; Syed Akber Tahmaesebi (b) Ali Akber Tabatabaei; Ali Akber Tahmaesebi; Ali Akbar Tahmaesebi. Náisiúntacht: an Iaráin (Poblacht Ioslamach na hIaráine). Uimhir an phas: (a) 9003213 a eisíodh san Iaráin/ nach fios (b) 6620505 a eisíodh san Iaráin/ nach fios. Eolas eile: d'éascaigh sé an sárú a rinneadh ar mhír 5 de Rún 1747 (2007) lena gcuirtear toirmisc ar onnmhairiú arm agus ábhar gaolmhar ón Iaráin.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 18.4.2012.';

PUBLIC

(2) faoin gceannteideal 'A. Daoine agus eintitis a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí diúracán núicléach nó le gníomhaíochtaí diúracán balaistíoch', cuirtear an tábla agus na hiontrálacha seo a leanas faoin bhfo-cheannteideal 'Eintitis':

'(1) Abzar Boresh Kaveh Co. (ar a dtugtar freisin BK Co.). Eolas eile: bainteach le tairgeadh comhpháirteanna do lártheifneoirí.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 3.3.2008.

(2) Amin Industrial Complex. Lorg Amin Industrial Complex rialuithe teochta a d'fhéadfaí a úsáid i dtaobh taighde núicléach agus saoráidí oibríochtúla/táirgthe. Tá Amin Industrial Complex faoi úinéireacht nó faoi rialú Defense Industries Organization (DIO), a ainmníodh i rún 1737 (2006), nó gníomhaíonn sé ar a shon. Suíomh: P.O. Box 91735-549, Mashad, an Iaráin; Amin Industrial Estate, Khalage Rd., Seyedi District, Mashad, an Iaráin; Kaveh Complex, Khalaj Rd., Seyedi St., Mashad, an Iaráin
Ar a dtugtar freisin: Amin Industrial Compound agus Amin Industrial Company.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 9.6.2010.

(3) Ammunition and Metallurgy Industries Group (AMIG) Ar a dtugtar freisin Ammunition Industries Group. Eolas eile: (a) tá AMIG i gceannas ar 7th of Tir, atá ainmnithe faoi Rún 1737 (2006) toisc a ról i gclár lártheifneora na hIaráine. Dá bhrí sin tá AMIG faoi úinéireacht agus faoi cheannasaíocht DIO, atá ainmnithe faoi rún 1737 (2006).
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 24.3.2007.

PUBLIC

(4) Armament Industries Group. Monaríonn Armament Industries Group (AIG) agus déanann sé seirbhísiú ar éagsúlacht mionarm agus armán éadrom, lena n-áirítear gunnaí de mhórchalabra agus meánchalabra agus teicneolaíocht ghaolmhar. Déanann AIG an chuid is mó dá ghníomhaíocht soláthair trí Hadid Industries Complex.
Suíomh: Sepah Islam Road, Karaj Special Road Km 10, an Iaráin; Pasdaran Ave., P.O. Box 19585-777, Tehran, an Iaráin.
Dáta ainmniúcháin an Aontais: 24.4.2007 (na Náisiún Aontaithe: 9.6.2010).

(5) Atomic Energy Organisation of Iran (AEOI). Eolas eile: bainteach le clár núicléach na hIaráine.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 23.12.2006.

(6) Bank Sepah agus Bank Sepah International. Eolas eile: tugann Bank Sepah tacaíocht do Aerospace Industries Organisation (AIO) agus fo-ilchuideachtaí, lena n-áirítear Shahid Hemmat Industrial Group (SHIG) agus Shahid Bagheri Industrial Group (SBIG).
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 24.3.2007.

(7) Barzagani Tejarat Tavanmad Saccal companies. Eolas eile: (a) fochuideachta de Saccal System companies, (b) rinne an chuideachta seo iarracht earraí íogaire a cheannach d'eintiteas atá liostaithe i rún 1737 (2006).
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 3.3.2008.

(8) Cruise Missile Industry Group. Ar a dtugtar freisin Naval Defense Missile Industry Group. Eolas eile: táirgeadh agus forbairt ar diúracáin chúrsála. Freagrach as diúracáin chabhlaigh, diúracáin chúrsála san áireamh.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 3.3.2008.

PUBLIC

(9) Defence Industries Organisation (DIO). Eolas eile: eintiteas uileghabhálach faoi rialú MODAFL, a raibh cuid dó páirteach sa chlár lártheifneora, trí chomhpháirteanna a dhéanamh, agus sa chlár diúracán.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 23.12.2006.

(10) Defense Technology and Science Research Center (an Lárionad um Theicneolaíocht Chosanta agus Taighde Eolaíoch). Tá an Lárionad um Theicneolaíocht Chosanta agus Taighde Eolaíoch (DTSRC) faoi úinéireacht nó faoi rialú Aireacht Cosanta na hIaráine um Lóistíocht na bhFórsaí Armtha (MODAFL), a dhéanann maoirseacht ar T&F, táirgeadh, cothabháil, onnmhairí agus soláthar cosanta na hIaráine, nó gníomhaíonn sé ar a son.
Suíomh: Pasdaran Ave, PO Box 19585/777, Tehran, an Iaráin.
Dáta ainmniúcháin an Aontais: 24.4.2007 (na Náisiún Aontaithe: 9.6.2010).

(11) Doostan International Company. Soláthraíonn Doostan International Company (DICO) eilimintí do chlár diúracán bailistíoch na hIaráin.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 9.6.2010.

(12) Electro Sanam Company (ar a dtugtar freisin (a) E. S. Co., (b) E. X. Co.). Eolas eile: cuideachta chaoch AIO, bainteach sa chlár diúracán balaistíoch.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 3.3.2008.

(13) Esfahan Nuclear Fuel Research and Production Centre (NFRPC) agus Esfahan Nuclear Technology Centre (ENTC). Eolas eile: is codanna iad de Nuclear Fuel Production and Procurement Company de chuid Atomic Energy Organisation of Iran (AEOI) .
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 24.3.2007.

PUBLIC

(14) Ettehad Technical Group. Eolas eile: cuideachta chaoch AIO, bainteach sa chlár diúracán balaistíoch.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 3.3.2008.

(15) Fajr Industrial Group. Eolas eile: (a) Instrumentation Factory Plant roimhe sin, (b) eintiteas atá faoi cheannas AIO, (c) bainteach le clár diúracán balaistíoch na hIaráine.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 23.12.2006.

(16) Farasakht Industries. Tá Farasakht Industries faoi úinéireacht nó faoi rialú Iran Aircraft Manufacturing Company , cuideachta atá faoi úinéireacht nó faoi rialú nó MODAFL, nó gníomhaíonn sé ar a son.
Suíomh: P.O. Box 83145-311, Kilometer 28, Esfahan-Tehran Freeway, Shahin Shahr, Esfahan, an Iaráin.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 9.6.2010.

(17) Farayand Technique. Eolas eile: (a) bainteach le clár núicléach na hIaráine (an clár lártheifneora), (b) ainmnithe i dtuarascálacha IAEA.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 23.12.2006.

PUBLIC

(18) First East Export Bank, P.L.C. Tá First East Export Bank, PLC faoi úinéireacht nó faoi rialú Bank Mellat, nó gníomhaíonn sé ar a shon. Le 7 bliana anuas, d'éascaigh Bank Mettat na céadta mílte dollar in idirbhearta d'eintitis núicléacha, diúracán agus chosanta na hIaráine.
Suíomh: Unit Level 10 (B1), Main Office Tower, Financial Park Labuan, Jalan Merdeka, 87000 WP Labuan, an Mhalaeisia; Cláruimhir Ghnó LL06889 (an Mhalaeisia).
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 9.6.2010.

(19) Industrial Factories of Precision (IFP) Machinery (alias Instrumentation Factories Plant). Eolas eile: úsáidte ag AIO le haghaidh roinnt iarrachtaí éadála.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 3.3.2008.

(20) Jabber Ibn Hayan. Eolas eile: saotharlann AEOI bainteach le gníomhaíochtaí timthrialla breosla.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 3.3.2008 (an Aontais: 24.4.2007).

(21) Joza Industrial Co. Eolas eile: cuideachta chaoch AIO, bainteach sa chlár diúracán balaistíoch.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 3.3.2008.

(22) Kala-Electric. Ar a dtugtar freisin Kalaye Electric. Eolas eile: soláthróir do PFEP – Natanz.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 23.12.2006.

PUBLIC

(23) Karaj Nuclear Research Centre. Eolas eile: cuid de rannán taighde AEOI.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 24.3.2007.

(24) Kaveh Cutting Tools Company. Tá Kaveh Cutting Tools Company faoi úinéireacht nó faoi rialú DIO, nó gníomhaíonn sé ar a shon.
Suíomh: 3rd Km of Khalaj Road, Seyyedi Street, Mashad 91638, an Iaráin; Km 4 of Khalaj Road, End of Seyedi Street, Mashad, an Iaráin; P.O. Box 91735-549, Mashad, an Iaráin; Khalaj Rd., End of Seyyedi Alley, Mashad, Iaráin; Moqan St., Pasdaran St., Pasdaran Cross Rd., Tehran, Iaráin.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 9.6.2010.

(25) Kavoshyar Company. Eolas eile: fochuideachta de AEOI.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 24.3.2007.

(26) Khorasan Metallurgy Industries. Eolas eile: (a) fochuideachta de Ammunition Industries Group (AMIG), a bhfuil ag brath ar DIO, (b) bainteach le comhpháirteanna lártheifneoirí a tháirgeadh.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 3.3.2008.

PUBLIC

(27) M. Babaie Industries. Tá M. Babaie Industries faoi cheannas Shahid Ahmad Kazemi Industries Group (Air Defense Missile Industries Group go hoifigiúil) d'Eagraíocht na dTionscal Aeraspáis (AIO) de chuid na hIaráine. Rialaíonn AIO na heagraíochtaí diúracán Shahid Hemmat Industrial Group (SHIG) agus Shahid Bakeri Industrial Group (SBIG), ar ainmníodh iad i rún 1737 (2006).
Suíomh: P.O. Box 16535-76, Tehran, 16548, an Iaráin.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 9.6.2010.

(28) Malek Ashtar University. Faoi cheannas DTRSC laistigh de MODAFL. Áirítear air sin grúpaí taighde a thagadh faoi Physics Research Center (PHRC) (an Lárionad Taighde Fisice) roimhe sin. Ní cheadaítear do chigirí IAEA agallamh a chur ar fhostaithe nó féachaint ar dhoiciméid atá faoi rialú na heagraíochta sin chun teacht ar réiteach ar an tsaincheist maidir le gnéithe míleata a d'fhéadfadh a bheith ag baint le clár núicléach na hIaráine.
Suíomh: Corner of Imam Ali Highway and Babaei Highway, Tehran, an Iaráin.
Dáta ainmniúcháin an Aontais: 24.6.2008 (na Náisiún Aontaithe: 9.6.2010).

(29) Mesbah Energy Company. Eolas eile: (a) soláthróir d'imoibreoir taighde A40 – Arak (b) bainteach le Clár Núicléach na hIaráine.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 23.12.2006.

PUBLIC

(30) Ministry of Defense Logistics Export (Lóistíocht Onnmhairíochta na hAireachta Cosanta). Díolann Lóistíocht Onnmhairíochta na hAireachta Cosanta (MODLEX) airm a táirgeadh san Iaráin do chustaiméirí ar fud na cruinne de shárú ar rún 1747 (2007), lena gcuirtear toirmeasc ar an Iaráin airm nó ábhar gaolmhar a dhíol.
Suíomh: PO Box 16315-189, Tehran, an Iaráin; lonnaithe ar an taobh iartharach de Shráid Dabestan, Ceantar Abbas Abad, Tehran, an Iaráin.
Dáta ainmniúcháin an Aontais: 24.6.2008 (na Náisiún Aontaithe: 9.6.2010).

PUBLIC

(31) Mizan Machinery Manufacturing. Tá Mizan Machinery Manufacturing (3M) faoi úinéireacht nó faoi rialú SHIG, nó gníomhaíonn sé ar a shon.
Suíomh: P.O. PO Box 16595-365, Tehran, an Iaráin
Ar a dtugtar freisin: 3MG
Dáta ainmniúcháin an Aontais: 24.6.2008 (na Náisiún Aontaithe: 9.6.2010).

(32) Modern Industries Technique Company. Tá Modern Industries Technique Company (MITEC) freagrach as imoibreoir tromuisce IR-40 a dhearadh agus a thógáil in Arak. Bhí MITEC i gceannas ar sholáthair le haghaidh thógáil an imoibreora tromuisce IR-40.
Suíomh: Arak, an Iaráin
Ar a dtugtar freisin: Rahkar Company, Rahkar Industries, Rahkar Sanaye Company, Rahkar Sanaye Novin
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 9.6.2010.

(33) Nuclear Research Center for Agriculture and Medicine (an tIonad Taighde Núicléach um Thalmhaíocht agus Míochaine). Is comhpháirt mhór taighde de Atomic Energy Organization of Iran (AEOI), a ainmníodh i Rún 1737 (2006), é an tIonad Taighde Núicléach um Thalmhaíocht agus Míochaine (NFRPC). Is é NFRPC lárionad AEOI le haghaidh breosla núicléach a fhorbairt agus tá sé bainteach le gníomhaíochtaí a bhaineann le saibhriú.

Suíomh: P.O. Box 31585-4395, Karaj, Iran

Ar a dtugtar freisin: Center for Agricultural Research and Nuclear Medicine (Ionad um Thaighde Talmhaíochta agus Míochaine Núicléach); Karaji Agricultural and Medical Research Center (Ionad Taighde Talmhaíochta agus Míochaine Karaji)

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 9.6.2010.

(34) Niru Battery Manufacturing Company. Eolas eile: (a) fochuideachta de DIO, (b) tá sé freagrach as aonaid chumhachta a monarú d'arm na hIaráin, córáis dúracán san áireamh.

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 3.3.2008.

(35) Novin Energy Company (ar a dtugtar freisin Pars Novin). Eolas eile: oibríonn sé laistigh de AEOI.

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 24.3.2007.

(36) Parchin Chemical Industries. Eolas eile: brainse de DIO, a tháirgeann armlóin, pléascáin, chomh maith le tiomántáin sholadach le haghaidh roicéad agus diúracán.

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 24.3.2007.

(37) Pars Aviation Services Company. Eolas eile: cothabháil ar aerárthaí éagsúla, lena n-áirítear MI-171, a úsáid Aerfhórsa IRGC.

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 24.3.2007.

PUBLIC

(38) Pars Trash Company. Eolas eile: (a) páirteach i gclár núicléach na hIaráine (an clár lártheifneora) (b) ainmnithe i dtuarascálacha IAEA.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 23.12.2006.

(39) Pejman Industrial Services Corporation. Tá Pejman Industrial Services Corporation faoi úinéireacht nó faoi rialú SBIG, nó gníomhaíonn sé ar a shon.
Suíomh: P.O. Box 16785-195, Tehran, an Iaráin.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 9.6.2010.

(40) Pishgam (Pioneer) Energy Industries. Eolas eile: páirteach i dtógáil na Saoráide Tiontaithe Úráiniam in Esfahan.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 3.3.2008.

(41) Qods Aeronautics Industries. Eolas eile: táirgeann sé aerárthaí gan foireann, paraisiúit, parafhaoileoirí, paramhótair etc. Mhaígh IRGC go bhfuil na táirgí seo á n-úsáid mar chuid dá dhúnghaois cogaíochta neamhshiméadraí.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 24.3.2007.

(42) Sabalan Company. Ainm ceilte ar SHIG is ea Sabalan.
Suíomh: Damavand Tehran Highway, Tehran, an Iaráin.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 9.6.2010.

(43) Sanam Industrial Group. Eolas eile: faoi cheannas AIO, a cheannaigh trealamh thar ceann AIO leis an gclár diúrachán.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 24.3.2007.

PUBLIC

(44) Safety Equipment Procurement (SEP). Eolas eile: cuideachta chaoch AIO, atá rannpháirteach sa chlár diúracán balaistíoch.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 3.3.2008.

(45) 7th of Tir. Eolas eile: faoi cheannas Defense Industries Organization (DIO), a aithnítear go forleathan a bheith rannpháirteach go díreach i gclár núicléach na hIaráine.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 23.12.2006.

(46) Sahand Aluminum Parts Industrial Company (SAPICO). ainm ceilte ar SHIG is ea SAPICO.
Suíomh: Damavand Tehran Highway, Tehran, an Iaráin.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 9.6.2010.

(47) Shahid Bagheri Industrial Group (SBIG). Eolas eile: eintiteas atá faoi cheannas AIO.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 23.12.2006.

(48) Shahid Hemmat Industrial Group (SHIG). Eolas eile: eintiteas atá faoi cheannas AIO.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 23.12.2006.

(49) Shahid Karrazi Industries. Tá Shahid Karrazi Industries faoi úinéireacht nó faoi rialú SBIG, nó gníomhaíonn sé ar a shon.
Suíomh: Tehran, an Iaráin.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 9.6.2010.

PUBLIC

(50) Shahid Satarri Industries. Tá Shahid Sattari Industries faoi úinéireacht nó faoi rialú SBIG, nó gníomhaíonn sé ar a shon.
Suíomh: Oirdheisceart Tehran, an Iaráin
Ar a dtugtar freisin: Shahid Sattari Group Equipment Industries.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 9.6.2010.

(51) Shahid Sayyade Shirazi Industries Tá Shahid Sayyade Shirazi Industries (SSSI) faoi úinéireacht nó faoi rialú DIO, nó gníomhaíonn sé ar a shon.
Suíomh: Next To Nirou Battery Mfg. Co, Shahid Babaii Expressway, Nobonyad Square, Tehran, an Iaráin; Pasdaran St., P.O. Box 16765, Tehran 1835, an Iaráin; Babaei Highway – Next to Niru M.F.G, Tehran, an Iaráin.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 9.6.2010.

(52) Sho'a' Aviation. Eolas eile: táirgeann sé mionaerárthaí, a mhaígh IRGC go bhfuil siad á n-úsáid aige mar chuid dá dhúnghaois cogaíochta neamhshiméadra.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 24.3.2007.

(53) Special Industries Group Tá Special Industries Group (SIG) faoi cheannas DIO.
Suíomh: Pasdaran Avenue, PO Box 19585/777, Tehran, an Iaráin.
Dáta ainmniúcháin an Aontais: 24.7.2007 (na Náisiún Aontaithe: 9.6.2010).

(54) TAMAS Company. Eolas eile: (a) rannpháirteach i ngníomhaíochtaí a bhaineann le saibhriú, (b) is comhlacht uileghabhálach é TAMAS faoinar bunaíodh ceithre fhochomhlacht, lena n-áirítear comhlacht amháin a dhéanann eastóscadh agus dlúthú agus ceann eile atá i gceannas ar phróiseáil, ar shaibhriú agus ar dhramhaíl.
Dáta ainmniúcháin an Aontais: 24.4.2007 (na Náisiún Aontaithe: 3.3.2008).

(55) Tiz Pars. Ainm ceilte ar SHIG is ea Tiz Pars. Idir mí Aibreáin agus mí Iúil 2007, rinne Tiz Pars iarracht meaisín táthúcháin agus gearrúcháin léasair cúig ais, a d'fhéadfadh rannchuidiú ábhartha a dhéanamh le clár diúracán na hIaráine, a fháil thar ceann SHIG.
Suíomh: Damavand Tehran Highway, Tehran, an Iaráin.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 9.6.2010.

(56) Ya Mahdi Industries Group. Eolas eile: faoi cheannas AIO, atá rannpháirteach i gceannach idirnáisiúnta trealaimh diúracán.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 24.3.2007.

(57) Yazd Metallurgy Industries. Faoi cheannas DIO atá Yazd Metallurgy Industries (YMI).
Suíomh: Pasdaran Avenue, Next To Telecommunication Industry, Tehran 16588, an Iaráin; Postal Box 89195/878, Yazd, an Iaráin; P.O. 89195/678, Yazd, an Iaráin; Km 5 of Taft Road, Yazd, an Iaráin.
Ar a dtugtar freisin: Yazd Ammunition Manufacturing and Metallurgy Industries, Directorate of Yazd Ammunition and Metallurgy Industries
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 9.6.2010.

PUBLIC

(58) Behineh Trading Co.

Eolas eile: cuideachta Iaránach a d’imir ról lárnach in aistriú aindleathach arm go dtí an Afraic Thiar agus a ghníomhaigh thar ceann IRGC Qods Force, faoi cheannas an Mhaorghinearáil Qasem Soleimani, atá ainmnithe ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe i Rún 1747 (2007), mar sheoltóir na coinsíneachta arm.

Eolas breise: Suíomh: Tavakoli Building, Opposite of 15th Alley, Emam-Jomeh Street, Tehran, an Iaráin. Teileafón: +98 919 538 2305. Suíomh gréasáin: http://www.behinehco.ir

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 18 Aibreán 2012

(59) Yas Air. Ainm nua ar Pars Air is ea Yas Air, cuideachta a bhí faoi úinéireacht Pars Aviation Services Company, atá ainmnithe chomh maith ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe i Rún 1747 (2007). Chuidigh Yas le Pars Aviation Services Company, eintiteas atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe, chun mír 5 de Rún 1747 (2007) a shárú.

Suíomh: Mehrabad International Airport, Next to Terminal No. 6, Tehran, an Iaráin.

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 10.12.2012.

(60) SAD Import Export Company. Chuidigh SAD Import Export Company le Parchin Chemical Industries agus 7th of Tir Industries, eintiteas atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe, chun mír 5 de rún 1747 (2007) a shárú.

Suíomh: Haftom Tir Square, South Mofte Avenue, Tour Line No 3/1, Tehran, an Iaráin. (2) P.O. Box 1584864813.

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 10.12.2012.’;

PUBLIC

(3) faoin gceannteideal ‘B. Eintitis atá faoi úinéireacht, faoi rialú nó atá ag gníomhú thar ceann Islamic Revolutionary Guard Corps’, cuirtear an tábla agus na hiontrálacha seo a leanas:

‘(1) Fater (nó Faater) Institute: fochuideachta Khatam al-Anbiya (KAA). D’oibrigh Fater le soláthraithe eachtrannacha, thar ceann cuideachtaí eile KAA is dócha ar thionscadail IRGC san Iaráin.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 9.6.2010.

(2) Gharagahe Sazandegi Ghaem: tá Gharagahe Sazandegi Ghaem faoi úinéireacht nó faoi rialú KAA.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 9.6.2010.

(3) Ghorb Karbala: tá Ghorb Karbala faoi úinéireacht nó faoi rialú KAA.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 9.6.2010.

(4) Ghorb Nooh: tá Ghorb Nooh faoi úinéireacht nó faoi rialú KAA.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 9.6.2010.

(5) Hara Company: tá Hara Company faoi úinéireacht nó faoi rialú Ghorb Nooh.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 9.6.2010.

(6) Imensazan Consultant Engineers Institute: tá Imensazan Consultant Engineers Institute faoi úinéireacht nó faoi rialú KAA, nó gníomhaíonn sé ar a shon.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 9.6.2010.

PUBLIC

(7) Khatam al-Anbiya Construction Headquarters: cuideachta faoi úinéireacht IRGC is ea Khatam al-Anbiya Construction Headquarters (KAA) atá rannpháirteach i dtionscadail mhórscála shibhialta agus mhíleata agus gníomhaíochtaí innealtóireachta eile. Tugann KAA faoi méid suntasach oibre ar thionscadail Passive Defense Organization. Go háirithe, bhí fochuideachtaí KAA rannpháirteach go mór i dtógáil an tsuímh saibhrithe úráiniam in Qom/Fordow.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 9.6.2010.

PUBLIC

(8) Makin: tá Makin faoi úinéireacht nó faoi rialú KAA, nó gníomhaíonn sé ar a shon, agus is fochuideachta KAA é.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 9.6.2010.

(9) Omran Sahel: tá Omran Sahel faoi úinéireacht nó faoi rialú Ghorb Nooh.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 9.6.2010.

(10) Oriental Oil Kish: tá Oriental Oil Kish faoi úinéireacht nó faoi rialú KAA, nó gníomhaíonn sé ar a shon.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 9.6.2010.

(11) Rah Sahel: tá Rah Sahel faoi úinéireacht nó faoi rialú KAA, nó gníomhaíonn sé ar a shon.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 9.6.2010.

(12) Rahab Engineering Institute: tá Rahab faoi úinéireacht nó faoi rialú KAA, nó gníomhaíonn sé ar a shon, agus is fochuideachta KAA é.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 9.6.2010.

(13) Sahel Consultant Engineers: tá Sahel Consultant Engineers faoi úinéireacht nó faoi rialú Ghorb Nooh.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 9.6.2010.

(14) Sepanir: tá Sepanir faoi úinéireacht nó faoi rialú KAA, nó gníomhaíonn sé ar a shon.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 9.6.2010.

(15) Sepasad Engineering Company: tá Sepasad Engineering Company faoi úinéireacht nó faoi rialú KAA, nó gníomhaíonn sé ar a shon.
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 9.6.2010.';

(4) faoin gceannteideal 'C. Eintitis atá faoi úinéireacht, faoi rialú nó atá ag gníomhú thar ceann Islamic Republic of Iran Shipping Lines (IRISL)', cuirtear an tábla agus na hiontrálacha seo a leanas:

'(1) Irano Hind Shipping Company: Suíomh: 18 Mehrshad Street, Sadaghat Street, Opposite of Park Mellat, Vali-e-Asr Ave., Tehran, an Iaráin; 265, Next to Mehrshad, Sedaghat St., Opposite of Mellat Park, Vali Asr Ave., Tehran 1A001, an Iaráin
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 9.6.2010.

(2) IRISL Benelux NV: Suíomh: Noorderlaan 139, B-2030, Antwerp, an Bheilg; Uimhir CBL BE480224531 (an Bheilg)
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 9.6.2010.

(3) South Shipping Line Iran (SSL): Suíomh: Apt. No. 7, 3rd Floor, No. 2, 4th Alley, Gandi Ave., Tehran, an Iaráin; Qaem Magham Farahani St., Tehran, an Iaráin
Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 9.6.2010.'.

PUBLIC